CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2023/1227 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Meitheamh 2023

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choimisiún arna bhunú leis an gCoinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh, a mhéid a bhaineann le leasuithe ar Chinneadh 2021/01 ó OSPAR maidir le bunú Limistéar Muirí faoi Chosaint Fheacht an Atlantaigh Thuaidh agus imchuach Mhuir Evlanov, agus Moladh 2021/01 ó OSPAR maidir le Bainistiú Limistéar Muirí faoi Chosaint Fheacht an Atlantaigh Thuaidh agus Imchuach Farraige Evlanov

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Coinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh ([1]) ('an Coinbhinsiún'), a bhfuil an tAontas ina Pháirtí Conarthach ann, i bhfeidhm an 25 Márta 1998.

(2) De bhun Airteagal 10(3) den Choinbhinsiún, is féidir leis an an gCoimisiún a bunaíodh le hAirteagal 10(1) den Choinbhinsiún ('Coimisiún OSPAR') cinntí agus moltaí a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13 den Choinbhinsiún.

(3) Le linn na míre aireachta den 24ú cruinniú bliantúil an 1 Deireadh Fómhair 2021, ghlac Coimisiún OSPAR Cinneadh 2021/01 ó OSPAR maidir le bunú Limistéar Muirí faoi Chosaint Fheacht an Atlantaigh Thuaidh agus Imchuach Farraige Evlanov ('Cinneadh 2021/01 ó OSPAR') agus ghlac sé Moladh 2021/01 ó OSPAR maidir le Bainistiú Limistéar Muirí faoi Chosaint Fheacht an Atlantaigh Thuaidh agus Imchuach Farraige Evlanov ('Moladh 2021/01 ó OSPAR'). An tráth céanna, cinneadh freisin go mbeadh gá athbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme caomhnaithe an Limistéir Muirí faoi Chosaint Fheacht an Atlantaigh Thuaidh agus Imchuach Farraige Evlanov ('NACES MPA'), d'fhonn é a leathnú.

(4) Rinneadh athbhreithniú ar raon feidhme caomhnaithe NACES MPA agus dá thoradh sin tá dhá ghníomh beartaithe ag Coimisiún OSPAR: cinneadh lena leasaítear Cinneadh 2021/01 ó OSPAR agus moladh lena leasaítear Moladh 2021/01 ó OSPAR. Tá Coimisiún OSPAR chun an Cinneadh atá beartaithe agus an moladh atá beartaithe a ghlacadh le linn an 26ú cruinniú rialta a bheidh aige an 26 Meitheamh 2023.

(5) Leis an gcinneadh atá beartaithe ag Coimisiún OSPAR, leathnaítear raon feidhme caomhnaithe NACES MPA atá ann faoi láthair agus léirítear comhordanáidí geografacha (domhanleithead agus domhanfhad) a theorainneacha.

(6) Is é is aidhm don mholadh atá beartaithe ag Coimisiún OSPAR Páirtithe Conarthacha a threorú ina gcuid gníomhaíochtaí agus i nglacadh beart chun na cuspóirí caomhnaithe athbhreithnithe a bhaint amach, i gcomhréir le raon feidhme caomhnaithe leathnaithe an chinnidh atá beartaithe.

(7) Ós rud é go bhfuil dlúthnasc ann idir an dá ghníomh atá beartaithe ag Coimisiún OSPAR, is iomchuí iad a bheith chumhdaithe leis an seasamh céanna de chuid an Aontais.

([1]) IO L 104, 3.4.1998, lch. 2.

(8) Baineann na gníomhartha atá beartaithe le cosaint an chomhshaoil, ar inniúlacht chomhroinnte í idir an tAontas agus na Ballstáit faoi Airteagal 4(2), pointe (e), den Chonradh. Ní thagann na gníomhartha atá beartaithe faoi réimse a chumhdaítear den chuid is mó le rialacha an Aontais maidir leis an gcosaint sin. Níl sé de rún ag an Aontas úsáid a bhaint as an bhféidearthacht a inniúlacht sheachtrach a fheidhmiú maidir le réimsí a chumhdaítear leis na gníomhartha sin nár feidhmíodh a inniúlacht go hinmheánach ina leith go fóill.

(9) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoimisiún OSPAR a bhunú maidir leis na leasuithe atá beartaithe ar Chinneadh 2021/01 ó OSPAR agus ar Mholadh 2021/01 ó OSPAR, ós rud é go mbeidh an cinneadh atá le glacadh ag Coimisiún OSPAR ina cheangal ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an 26ú cruinniú de Choimisiún OSPAR tacú le cinneadh a ghlacadh lena leasaítear Cinneadh 2021/01 ó OSPAR maidir le bunú Limistéar Muirí faoi Chosaint Fheacht an Atlantaigh Thuaidh agus Thulán Grinnil Evlanov a mhéid a bhaineann lena raon feidhme caomhnaithe a leathnú, agus tacú le moladh a ghlacadh lena leasaítear Moladh 2021/01 ó OSPAR maidir le bainistiú Limistéar Muirí faoi Chosaint Fheacht an Atlantaigh Thuaidh agus Imchuach Farraige Evlanov a mhéid a bhaineann lena chuspóirí caomhnaithe a leathnú.

Airteagal 2

I bhfianaise forbairtí ag an 26ú cruinniú de Choimisiún OSPAR, féadfaidh ionadaithe an Aontais, i gcomhairle leis na Ballstáit le linn cruinnithe comhordaithe ar an láthair, mionchoigeartú a chomhaontú ar an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1, gan aon chinneadh eile ón gComhairle.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 20 Meitheamh 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
R. POURMOKHTARI